

An Clár

Réamhrá	3-4
Misean agus Fís	5
Sprioc Ráiteas	5
Luachanna	6
Tosaíochtaí Straitéiseacha	7-8
An Próiséas Pleanála	9
Féidearthachtaí Maoinithe an Chláir Chaipitil	9
Caiteachas Reatha	9
Maoiniú Stáit	10
Iontaobhais agus Fondúireachtaí	10-11
Airgead a Bhailiú ó Leagáidí	12
Airgead a Bhailiú ó Ghnólachtaí	13
Deontóirí Móra	14
Airgead ón bPobal agus ó Imeachtaí	14-15
Margaíocht Dhíreach	15
Tátal	15-16
Moltaí faoi Infheistíocht	16
Deontóirí Móra	17
Airgead ó Leagáidí	17
Ó Phleanáil go Feidhmiú	18
Staid Reatha Airgeadais an Chomhlachta	18
Ioncam de réir Foinsí	19
Buiséad Forbairtí Caipitil an Chomhlachta	19
Buiséad Forbairtí Reatha an Chomhlachta	19-20

Réamhrá

Ceithre chloch coirnéil atá i ngach uile chomhluadar ar dhroim na cruinne, mar atá:

1. A leas agus a luachanna sóisialta agus spioradálta a chosaint agus a chur chun cinn;
2. A nÓige a thógáil agus a chur in oiriúint don saol mór agus don obair;
3. Saol maith dá dteaghlaigh a chruthú agus a fhorbairt;
4. Aire mhaith a chinntiú do dhaoine atá as a sláinte agus do dhaoine atá ag dul in aois.

An ceathrú cloch acu sin a cuireadh de chúram ar Thearmann Éanna Teo., rud atá sé a dhéanamh le scor blianta anuas. Comharchumann Chois Fharraige a thug an suíomh treasna ó Choláiste Lurgan, ar a bhfuil dhá theach déag sóisialta tógtha ó 1994. Ba é Comharchumann Shailearna a thosaigh an taighde faoin riachtanas atá le seirbhísí eagraithe a bheith ar fáil do dhaoine atá ag dul in aois. Nuair a foilsíodh an taighde sin faoin teideal, *Sláinte agus Fad Saoil ár Muintire* is ea a cuireadh tús le coincheap na nIonad Lae den chéad uair i Seanscoil Sailearna faoi scáth an Chomharchumainn.

Chuidigh Tearmann Ainnín Teo. i dtosach agus Tearmann Éanna Teo. ina dhiaidh sin le tithe sóisialta, ionad lae agus árasáin chomh maith le hionad seirbhísí sláinte a thógáil le feabhas a chur ar sheirbhísí do dhaoine atá ag dul in aois agus do theaghlaigh an cheantair atá ina thuilleamaí. Rinneadh formhór na bhforbairtí sin le linn don Tíogar Ceilteach a bheith i mbarr a réime. Is scéal eile anois é ach tá na seirbhísí a chuir Tearmann Éanna Teo. roimhe a chur ar fáil ag teastáil níos géire anois ná riamh. Sin a thug orainn plean deich mbliana a chur le chéile lena chinntiú go leanfar ar aghaidh leis an bhforbairt agus go n-aimseofar airgead ó fhoinsí éagsúla le cuidiú leis an saol a dhéanamh chomh compordach agus is féidir dóibh siúd atá ag dul in aois.

Is mian linne i dTearmann Éanna Teo. buíochas ó chroí a ghlacadh leis an stát as an tacaíocht atá faighte againn leis na seirbhísí atá ar fáil a bheith ann. Is mór againn freisin chomh fadbhreathnaitheach agus a bhí an stát gur thuig siad gur saoire agus gur fóintí na daoine atá ag dul in aois a bheith ag cur fúthu ina dtimpeallacht féin chomh fada agus atá siad in ann. Ní bheadh an tacaíocht stáit sin faighte murach an obair mhór a rinne go leor daoine le blianta fada le cásanna láidre a dhéanamh ar son na tacaíochta sin. Solas na bhFlaitheas don chuid acu atá imithe agus go bhfága Dia a sláinte agus saol fada sona acu siúd atá linn i gcónaí. Tá bainistíocht agus foireann díograiseach, suáilceach agus éifeachtach san Ionad Lae, agus iad go síoraí ag iarraidh an aois a bhaint dinn.

Fuair muid an-chúnamh freisin ó Enda Ó Coineen a thug síntiús flaithiúil don chomhlacht le muid a dhíriú sa bplean seo ar airgead a chuartú ó fhoinsí eile chomh maith le foinsí stáit. Ba é athair Enda, Charlie Rabbitte, go ndéana Dia grásta air, a bhí ina chéad innealtóir ar ghrúpscéim uisce Chois Fharraige ó 1971 gur éirigh sé as obair i ndeireadh na seachtóidí. Tá moltaí Enda curtha san áireamh sa bplean deich mbliana seo.

Tá Tearmann Éanna Teo. dírithe ar aire na huibhe a thabhairt do mhuintir an cheantair seo atá ag dul in aois mar gurbh iad sin a d'fhág oidhreacht luachmhar ár muintire ag an nglúin seo agus ag na glúnta atá le theacht inár ndiaidh. I dteannta a chéile a éireoidh linn dul chun cinn a dhéanamh ar chosán na beatha. Mapa bóthair is ea an plean deich mbliana seo le muid a threorú agus a choinneáil ar an ród ceart.

Plean Straitéiseach Thearmann Éanna Teo.

Fís Thearmann Éanna

Ionad Barr Feabhais a dhéanamh de Thearmann Éanna Teo. a thabharfaidh an cumas do dhaoine dul in aois le muinín agus le dínit agus a neart saoil a iompú ina thabhartas eiseamláireach le bealach tairbheach maireachtála a leanacht.

Fágfaidh seo Conamara ar an áit is fearr ar domhan le dul in aois ann.

Cuirfidh Tearmann Éanna Teo. an fhís seo i bhfeidhm trí sheirbhísí agus áiseanna den scoth a chur ar fáil do dhaoine atá ag dul in aois i gConamara lena chur ar a gcumas saol iomlán agus neamhspleách a mhaireachtáil chomh fada agus is féidir ina dtithe cónaithe féin agus ina bpobal féin.

Ar ár n-áiseanna agus ár seirbhísí tá tithíocht, tithíocht le tacaíocht baile agus Ionaid Lae mar aon le himeachtaí sóisialta agus oideachasúla ar a bhfuil cultúr, teanga agus traidisiún ár muintire beo beathach.

Sprioc Ráiteas

*Sonas, Sláinte agus Fad Saoil ár Muintire,
faoi shó agus faoi chompord, i gciall agus i réasún
agus i dtimpeallacht na dea-chomharsanachta.*

Luachanna

Grá, trust, cumasú agus barr feabhais na bunluachanna príomha atá againn.

Sin luachanna láidre mar chúltaca do ghníomhaíochtaí agus d'obair Thearmann Éanna Teo.

Nuair a bheas luachanna comónta aimsithe nó cruthaithe idir Tearmann Éanna Teo mar cheannródaí agus iad siúd atá ag úsáid a sheirbhísí is mór is féidir linn a bhaint amach i bpáirt le chéile.

Cruthaíonn luachanna comónta fuinnimh dhochreidte nuair a bhíonn daoine aonair, grúpa agus luachanna eagraíochta ar aon bhóthar amháin.

Luachanna comónta an compás inmheánach a chuireann ar chumas daoine gníomhú astu féin agus i gcomhar lena chéile.

Dá shoiléire ár luachanna is lú is gá dúinn a bheith i dtuilleamaí teoraithe ó ranna agus ó eagraíochtaí stáit.

Le go nglacfar lenár dteachtaireacht sna háiteanna is géire a dteastaíonn sin a dhéanamh, is gá é a bheith soiléir do gach uile dhuine cé dó a sheasann an teachtaire, Tearmann Éanna Teo.

Is iad na daoine is soiléire faoina gcuid luachanna pearsanta agus eagraíochta na daoine is mó dílseachta don eagraíocht chomh maith.

Is fiú do gach uile stiúrthóir comhlachta agus do na hoibrithe gníomh creidimh (Credo) a dhéanamh amach nach rachaidh thar aon leathanach amháin ag léiriú treo na heagraíochta as seo go dtí 2024 agus a bheith bródúil é a roinnt le comhlúadar uile na heagraíochta.

Scríobh Preasráiteas anois faoin eagraíocht agus an plean straitéiseach curtha i bhfeidhm roimh chóisir na Nollag 2024.

Scríobh tuairisc fút féin agus faoi d'ionchur in obair Thearmann Éanna Teo. idir 2014 agus 2024 le foilsiú sa Nuachtlitir Nollaig 2024.

Tosaíochtaí Straitéireacha

Leis an bhfís uailmhianach atá leagtha amach i bPlean Straitéiseach 2014-2024 a bhaint amach, díreoidh Tearmann Éanna Teo. ar na réimsí tosaíochta seo thíos.

1. Ionaid Lae Eiseamláireacha a thógáil agus an tIonad Lae atá ann faoi láthair a athchóiriú agus a chur in oiriúint leis na seirbhísí atá ann a fhorbairt agus seirbhísí nua a bhunú.
2. An líon tithe sóisialta a ardú ó 32 go 64
3. Seirbhís Béile ar Rothaí a fhreastalóidh ar 150 duine a fhorbairt.
4. Forbairt iomlán ar thogra na dtollán ar mhaithe le Feilm Churadóireachta a fhorbairt.
5. Seirbhís Níocháin a fhorbairt.
6. Áiseanna Aclaíochta taobh Amuigh ag gach uile Aonad Tithíochta.
7. Mórtas a ghiniúint i ndaoine atá ag dul in aois trí na seirbhísí a theastaíonn uathu a chur ar fáil dóibh.
8. Suíomh Idirlín a fhorbairt chomh maith le ríomharlanna a chruthóidh ceangal idir daoine atá ag dul in aois agus an Diaspora thar lear.
9. Fostaíocht a chruthú trí sholáthar na seirbhísí agus Tearmann Éanna Teo. a bheith saor lena fhoireann oibre féin a fhostú.
10. Daoine atá ag dul in aois a mhealladh ar ais chuig an áit ar rugadh agus ar tógadh iad leis an gcuid eile dá saol a chaitheamh ann.
11. Daoine atá ag dul in aois agus scoláirí idirbhliana in iarbhunscoileanna a chur i dteagmháil lena chéile le go bhfoghlaimeoidh an óige saibhreas eolais na muintire ó na haosaigh agus go bhfoghlaimeoidh na ndaoine atá ag dul in aois scileanna nua cumarsáide agus teicneolaíochta ón óige.
12. Seirbhísí na heagraíochta a leathnú amach agus cur leo.
13. Tearmann Éanna a bheith ag feidhmiú amach anseo mar scátheagraíocht do dhaoine atá ag dul in aois sa gceantar.

14. Ionaid Sláinte a chur ar fáil agus a ligean ar cíós le dochtúirí agus lucht seirbhísí leighis eile a theastaíonn ón bpobal in abhantrach na nIonad sin.
15. Tacú leis an FSS ag déanamh cúraim do dhaoine a bhfuil deacrachtaí síciatracha acu.
16. Seirbhís Iompair a sholáthar do dhaoine atá ag dul in aois agus do dhaoine eile atá ag cur fúthu in áiteanna iargúlta.
17. Seirbhís riaracháin do Scéim Foláireach na nAosach do Ghaeltacht Chonamara ar mhaithe le Sláinte agus Sábháilteacht daoine atá ag dul in aois.
18. Líne Chabhrach trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil don mhuintir atá ag dul in aois i gConamara agus le himeacht aimsire sna ceantair Ghaeltachta ar fud na tíre agus do phobal na Gaeilge i gcoitinne.
19. Raon leathan cúrsaí oideachais a chuirfidh le cothú airdill, neamhspleáchais, muiníne agus mórtas na ndaoine.
20. Seirbhís malartaithe agus dáilithe eolais do dhaoine atá ag dul in aois agus do na pobail ina bhfuil siad lonnaithe.

An Próiséas Pleanála

Féidearthachtaí Maoinithe an Chláir Chaipitil

Tá ciste teoranta airgid ag an gcomhlacht atá curtha le chéile go speisialta le cur leis an líon tithe sóisialta chomh maith le forbairt an Ionaid Lae.

Thart ar €600,000 atá sa gciste faoi láthair, rud a fhágann go dteastaíonn thart ar €4 mhilliún leis an gclár tógála atá leagtha amach againn a mhaoiniú.

Beidh céatadán ard tacaíochta ón stát riachtanach leis an gclár seo a mhaoiniú.

Féidearthacht eile go n-aimseofaí síntiúis nó bronntanais mhóra don chaiteachas caipitil ná mórfheachtas a chur ar bun lena aghaidh sin.

Ar an mbonn céanna, i gcás daoine a d'fhág an ceantar agus a bhfuil saibhreas mór curtha le chéile acu thar lear, ba bhreá an rud é dá gcuimhneodh cúpla duine acu ar Thearmann Éanna Teo. ina gcuid uachtaí, mar a tharlaíonn i gcás céimithe ollscoile a théann thar lear agus a chuimhníonn ar a nAlma Mater agus iad ag déanamh uachta.

Caiteachas Reatha

Leis an bhfís atá léirithe thuas a chur i bhfeidhm, caithefear ioncam bliantúil an chomhlachta a ardú go mór.

Le seo a dhéanamh, beidh ar Thearmann Éanna Teo. airgead a bhailiú. Ciallaíonn sin go mbeidh oiliúint agus forbairt le déanamh ar an bhfoireann atá i dTearmann Éanna Teo. faoi láthair agus tuilleadh foirne a fhostú ag a mbeidh taithí agus scileanna a chinnteoidh go mbaileofar níos mó airgid ná mar atá á bhailiú faoi láthair.

Beidh ar Thearmann Éanna Teo. freisin an t-ioncam ó airgead a bhaileofar a chur ag obair ar mhaithe le sruthanna nua ioncaim a aimsiú agus a fhorbairt.

Maoiniú Stáit

Ó fhoinsí stáit a thagann mórchuid d'ioncam Thearmann Éanna Teo. Le hairgead FÁS / TÚS a áireamh, tá 84% ag teacht ó fhoinsí stáit.

Cé go bhfuil an chistíocht stáit ag breathnú sábháilte go leor faoi láthair (Conradh CSP ag leanacht go dtí 2016) i bhfianaise ár staid airgeadais tá oiread áirithe éiginnteachta faoin sruth maoinithe amach anseo.

Sa ngearrthearma, ní léir go bhfuil mórán deiseanna fágtha le tuilleadh de mhaoiniú stáit a fháil. Mar sin féin, más linn fíís an Chomhlachta a chur i ngníomh beifear ag súil le mórthacaíocht stáit leis na tosaíochta agus na seirbhísí le cois atá leagtha amach a chur i gcrích.

Iontaobhais agus Fondúireachtaí

Faoi láthair, tá saineolas i dTearmann Éanna Teo. i dtaca le hiarratais ar dheontais a scríobh; luíonn sé le ciall, dá bhrí sin, go scrúdófaí foinsí eile airgid a dteastaíonn na scileanna céanna lena n-aghaidh. Is léir, dá bhrí sin, gur iontaobhais agus fondúireachtaí is túisce ba cheart a scrúdú.

Níl ach líon beag go leor iontaobhas agus fondúireachtaí ag feidhmiú in Éirinn; tá an dá cheann is mó díobh sin – *Atlantic Philanthropies* agus an *One Foundation* – á ndúnadh síos de réir a chéile agus ceaptar go mbeidh siad as feidhm ar fad as seo go ceann cúpla bliain. Mar sin féin, tá roinnt fondúireachtaí ann a bhféadfadh spéis a bheith acu i dTearmann Éanna Teo. agus tacaíocht a thabhairt dó.

1. Cistí na hÉireann (The Ireland Funds) – <http://theirelandfunds.org>

Ar na réimsí a ndíríonn Cistí na hÉireann orthu tá *Cuidiú leis 'na hÉireannaigh Aosta atá Ligthe i nDearmad'* (*Assisting the Elderly 'Forgotten Irish'*) agus *Infheistíocht i bPobail na hÉireann* (*Investing in Ireland's Communities*) dhá réimse a d'fhéadfaí a lua le Tearmann Éanna Teo. - Deontais suas go dtí €10,000 atá i gceist i mbabhta na ndeontas beag. Tá Babhta Deontas ann le haghaidh Infheistíochtaí Eiseamláireacha (*Flagship Investment Grant Round*) chomh maith– deontais idir €25,000 agus €75,000 atá i gceist ansin.

Buntáiste amháin a bhainfeadh le deontas a fháil ó Chistí na hÉireann is ea go n-osclódh sé doirse chuig deontóirí móra sa bpobal Gael-Mheiriceánach a d'fhéadfadh tacaíocht a thabhairt amach anseo don obair atá ar bun ag Tearmann Éanna Teo.

2. An Fhondúireacht Pobail ar son na hÉireann (*The Community Foundation for Ireland*) – foundation.ie

Tá liosta d'Iontaobhais agus d'Fhondúireachtaí atá ag feidhmiú in Éirinn le fáil ar shuíomh gréasáin Philanthropy Ireland <http://www.philanthropy.ie>. Níor mhiste teagmháil dhíreach a dhéanamh le chaon cheann acu go bhfeicfí an bhfáilteoidís roimh iarratas ó Thearmann Éanna Teo..

Airgead a Bhailiú ó Leagáidí

Is beag forbartha a rinneadh go dtí seo ar bhailiú airgid ó leagáidí in Éirinn, ach tá carthanais go leor ann atá ag díriú anois air mar réimse tábhachtach fáis. Sna blianta beaga seo romhainn, tá gach seans ann go bhfeicfear feachtais mhargaíochta atá dírithe ar leagáidí agus an chosúlacht air freisin go méadófar an tuiscint atá ag deontóirí ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag leagáidí chun carthanais a thabhairt slán.

Más áil leis tuilleadh airgid a bhailiú ó leagáidí amach anseo, níor mhór do Thearmann Éanna Teo. na nithe seo a leanas a chur i gcrích:

- Polasaithe agus prionsabail shoiléire a ullmhú i dtaca le bailiú airgid ó leagáidí (ba cheart é seo a dhéanamh i gcomhar le lucht úsáide na seirbhíse agus le páirtithe leasmhara eile).
- Straitéis leagáide 3-5 bliana a ullmhú agus na bearta, na teachtaireachtaí agus na hinfheistíochta is tábhachtaí a bheith sonraithe sa straitéis sin
- Infheistíocht a dhéanamh in ábhar cumarsáide don mhargaíocht – bróisiúir eolais i dtaobh leagáidí, póstaer agus uirlisí margaíochta eile

Mar thús, d'fhéadfaí roinnt grúpaí fócais a réachtáil ina mbeadh lucht úsáide na seirbhíse, daoine muinteartha, oibrithe deonacha agus páirtithe leasmhara eile lena dtuairimí a fháil faoi bhailiú airgid ó leagáidí; an chaoi ar mhaith leo eolas a fháil nó labhairt ar bhailiú airgid ó leagáidí; na rudaí a chuireann inní orthu faoin gceist.

Ba cheart gur éascaitheoir a mbeadh taithí na mblianta aige/aici ar bhailiú airgid ó leagáidí a bheadh i mbun na ngrúpaí fócais sin.

Airgead a Bhailiú ó Ghnólachtaí

B'fhéidir go bhféadfadh Tearmann Éanna Teo. méid áirithe ioncaim a fháil trí airgead a bhailiú ó ghnólachtaí, ach ar éigean a bheas ioncam mór le fáil as seo. Le fada an lá, sciar níos lú ná 3% den airgead iomlán a thugtar do charthanais atá sa sciar a thugann gnólachtaí dóibh. Tá, ar ndóigh, eisceachtaí ann a mbíonn an-bhrabach orthu – leithéidí na gcomhpháirtíochtaí móra corparáideacha ar nós *Tesco Charity of the Year*. Ach is iondúil gur eagraíochtaí náisiúnta mór le rá a ghnóthaíonn iad seo.

Is iad an dá réimse is túisce a bhféadfadh Tearmann Éanna Teo. teacht i dtír orthu:

- 1 Gnólachtaí áitiúla ar mhaith leo tacaíocht a thabhairt don phobal, agus
- 2 Gnólachtaí a sholáthraíonn táirgí nó seirbhísí atá dírithe ar dhaoine atá ag dul in aois.

Is deacair luach barainneach a chur ar an dá réimse seo i láthair na huaire. Beidh teorainn leis an méid a bheas na gnólachtaí áitiúla in ann a thabhairt mar nach gnólachtaí an-mhór iad agus mar nach bhfuil an oiread sin airgid acu le tabhairt do charthanais. I gcás gnólachtaí atá dírithe ar dhaoine aosta, beidh srian ar an méid is féidir a bhaint amach i ngeall ar mhéid Thearmann Éanna Teo. féin agus an líon daoine a dtugann sé seirbhís dóibh.

Tríd is tríd, dá bhrí sin, meastar nach bhféadfaí ach ioncam réasúnta beag a fháil ó na tabhartais a thabharfadh gnólachtaí do Thearmann Éanna Teo.

Ní bheadh aon infheistíocht mhór – seachas am na foirne agus na n-oibríthe deonacha – ag teastáil faoi láthair chun an méid airgid a bhailítear ó ghnólachtaí a mhéadú.

Deontóirí Móra

Is é an buntáiste a bhaineann le bailiú airgid ó dheontóirí móra ná go bhfuil an seans ann go mbeidh ioncam mór le fáil ach infheistíocht réasúnta beag a dhéanamh. Má bhíonn na cúinsí cearta ann, d'fhéadfaí a lán airgid a bhailiú ar an gcaoi seo.

Le go n-éireodh leis, níor mhór do Tearmann Éanna Teo. teacht ar ghrúpa daoine ...

- A bhfuil baint acu le Tearmann Éanna Teo.(baint dhíreach nó baint indíreach – ‘cara le cara’);
- Ar cás leo nó ar spéis leo Tearmann Éanna Teo. agus an obair a dhéanann sé;
- Ar féidir leo cúnaimh suntasach airgid a thabhairt.

Is buntáiste é go bhfuil riachtanas ann infheistíocht chaipitil a dhéanamh óir éiríonn go maith le feachtais chaipitil go minic ó thaobh airgead a bhailiú ó dheontóirí móra.

Dá mbeifí le feachtas a chur ar siúl chun airgead a bhailiú ó dheontóirí móra, meastar go gcaithfí saineolas breise a thabhairt ar bord – comhaltaí foirne breise nó sainchomhairleoirí seachtracha (nó 'chaon dream acu).

Airgead a Bhailiú ón bPobal agus ó Imeachtaí

Tá deis áirithe ann airgead a bhailiú ón bpobal agus ó imeachtaí as seo go ceann scaitheimh aimsire. D'fhéadfaí roinnt mílte euro a bhailiú ach imeacht suntasach nó dhó a réachtáil in aghaidh na bliana agus iad sin a riaradh agus a mhargú go héifeachtach.

Mar sin féin, tá bailiú airgid, ó imeachtaí go háirithe, dian ar am na foirne agus na n-oibrithe deonacha. Dá mbeifí leis an réimse seo a fhorbairt i gceart, níor mhór comhalta foirne a chur ag obair air mar phríomhchúram oibre (ar bhonn páirtaimseartha, b'fhéidir), nó coiste deonach a bheadh an-eagraithe go deo a chur ina bhun.

Margaíocht Dhíreach

I gceist le margaíocht dhíreach bíonn costais tosaigh arda, rioscaí, agus achar fada ama le cóimheá airgid a bhaint amach; dá bharr sin ní mholtar do Thearmann Éanna Teo. margaíocht dhíreach a thabhairt san áireamh faoi láthair.

Tátal

Tá fíis láidir ag Tearmann Éanna Teo. agus é cruthaithe aige gur féidir leis seirbhís den scoth a chur ar fáil; dá thoradh sin, ba cheart go bhféadfadh sé cás láidir a réiteach le go dtabharfaí tacaíocht dó.

Beidh maoiniú suntasach ag teastáil chun an fhís a thabhairt i gcrích. Beidh tacaíocht bhreise ó fhoinsí stáit ag teastáil mar aon le hinfheistíocht i sruthanna nua agus ilchineálacha bailithe airgid.

Moltar go roghnófaí sruthanna nua bailithe airgid agus iad sin a fhorbairt, bunaithe ar:

- Na scileanna atá i dTearmann Éanna Teo. cheana féin
- An toradh is mó ar infheistíocht
- Riosca agus neamhchosaint a laghdú an oiread agus is féidir.

Ar an mbonn sin, thabharfaí tús áite do:

- 1 Iarratais chuig Iontaobhais agus Fondúireachtaí.
- 2 Cíoradh a dhéanamh ar na deiseanna a bhaineann le hairgead a bhailiú ó leagáidí.
- 3 Cíoradh a dhéanamh ar na deiseanna a bhaineann le clár bailithe airgid ó dheontóirí móra.

Moltaí faoi Infheistíocht

Beidh infheistíocht ag teastáil chun struchtúr méadaithe agus ilchineálach bailithe airgid a thógáil. Ba cheart an infheistíocht sin a láimhseáil ar bhealach stuama agus ar chaoi a fhágfaidh nach mbeidh mórán riosca i gceist agus go bhféadfadh an-toradh a bheith air.

Ar an mbonn sin, molann *Ask Direct* go n-infheisteodh Tearmann Éanna Teo. sciar beag dá chúlchiste chun cíoradh a dhéanamh ar na buntáistí a bhaineann le hairgid a bhailiú ó dheontóirí móra agus ó leagáidí (ní gá infheistíocht airgid a dhéanamh ag an tráth seo chun iarratas a dhéanamh chuig iontaobhas nó chuig fondúireacht).

Leis an gcur chuige sin, beidh Tearmann Éanna Teo. in ann na rioscaí agus na féidearthachtaí a bhaineann le 'chaon cheann de na modhanna bailithe airgid seo a mheas agus beidh sé, dá bhrí sin, i riocht maith chun cinntí a dhéanamh i dtaobh infheistíochtaí breise agus infheistíochtaí níos mó sna réimsí seo.

Deontóirí Móra

Molann *Ask Direct* go láidir go bhfostódh Tearmann Éanna Teo. sainchomhairleoirí a bhfuil saineolas acu ar dheontóirí móra chun meastóireacht a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le feachtas bailithe caipitil ar mhaithe leis an Ionad Cúram Lae agus na tithe breise a mhaoiniú.

Measann *Ask Direct* go mbeadh buiséad €15,000 ag teastáil le haghaidh tionscadail den chineál sin.

Tá sainchomhairleoirí éagsúla ann a bhfuil saineolas acu ar bhailiú airgid ó dheontóirí móra agus a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu – dreamanna a d'fhéadfaí a fhostú don tionscadal seo. D'oibrigh *Ask Direct* roimhe seo le *Management Centre* (<http://www.managementcentre.co.uk>) agus molann siad iad don obair seo.

Airgead ó Leagáidí

Mar chéad chéim chun straitéis bailithe airgid ó leagáidí a scrúdú, ba cheart grúpaí fócais a reáchtáil ina mbeadh páirtithe leasmhara – comhaltaí boird, oibrithe deonacha, lucht úsáide na seirbhísí agus a ndaoine muinteartha – chun plé a dhéanamh ar bhailiú airgid ó leagáidí, na tuairimí atá acu ina leith, na rudaí a chuireann inní orthu, agus an chaoi ar cheart eolas faoi a chur i láthair.

Má thugtar faoi ghrúpaí fócais, is féidir an luach agus an tábhacht a bhaineann le bailiú airgid ó leagáidí a mhíniú; is féidir tacaíocht a fháil ó na páirtithe leasmhara do bhailiú airgid ó leagáidí; agus is féidir na rudaí is cás leis na páirtithe leasmhara a fháil amach agus déileáil leis na rudaí sin.

Ó Pleanáil go Feidhmiú

Staid Reatha Airgeadais an Chomhlachta

Tagann ár maoiniú faoi láthair ó mheascán d'fhoinsí;

- Maoiniú Stáit
- Ioncam Cíosa óna Tithe Sóisialta
- Ioncam ó Sheirbhísí
- Beagán de theacht isteach ó Fheachtais Bhailithe Airgid.

Thart ar €236,000 (móide íocaíochtaí pá €238,000 do 22 ball foirne) a fhaigheann muid ó fhoinsí stáit. Sin iomláin de thart ar €474,000.

Tagann €53,000 ó chíos, thart ar €20,000 ó sheirbhísí eile agus suas le €8,000 ó fheachtais bailithe airgid.

Ioncam de réir Foinsí



Buiséad Forbairtí Caipitil an Chomhlachta

Meastar go mbeidh costas caipitil mar leanas ar na forbairtí atá liostáilte in ár dtosaíochtaí straitéiseacha;

Ionad Cúram Lae	€1,500,000
30 teach sóisialta breise	€2,500,000
Forbairt na dTollán	€100,000
Béilí ar Rothaí (Cistin / Feithiclí)	€500,000
Eile	€100,000
	<hr/>
Iomlán an Chláir Caipitil	€4,700,000

Buiséad Forbairtí Reatha an Chomhlachta

Idir seo agus 2024 beidh foirgnimh, áiseanna agus fearais den scoth tógtha agus curtha ar fáil dár n-aoisigh. Beidh foireann an Chomhlachta ardaithe ó 22 go dtí 80 le freastal ar na 400 duine a bheidh ag úsáid seirbhísí an chomhlachta agus dá bharr sin beidh na daoine sin atá ag maireachtáil go neamhspleách le tacaíocht na seirbhísí cuí ar chostas €11,750 an duine don stáit ag sábháil na

milliún euro don stát gach bliain. Meastar gur €20,800,000 sa mbliain ar a laghad a chosnódh sé 400 duine a choinneáil i dtithe altranais agus is daoine ar chártaí leighis beagnach iomlán na rannpháirtithe atá agus a bheidh ag Tearmann Éanna Teo.

Seo thíos tábla ag léiriú an chostais agus na sábhála measta don stát:

Bliain	Rannpháirtithe	Costas Stáit	Costas Thearmann Éanna Teo.	Sábháil
2014	150	€7.8m	€1.75m	€6.05m
2018	275	€14.3m	€3.25m	€11.05m
2024	400	€20.8m	€4.70m	€16.10m

Iarrtar go bhfostódh an stát ochtó duine a bheadh ag obair i dTearmann Éanna Teo. - Meastar go sábháileadh an stát €16.1 milliún sa mbliain trí €4.7 milliún de bhuiséad a thabhairt do Thearmann Éanna Teo., le maireachtáil neamhspleách na ndaoine atá ag dul in aois a bhainistiú. Chruthódh an cur chuige sin fostaíocht bhuan inphinsin stáit dóibh siúd a bheadh fostaithe.

Seo thíos an tábla ag léiriú plean fostaíochta agus buiséad Thearmann Éanna Teo:

Bliain	Fostaithe	Buiséad	Méid Rannpháirtithe
2014	22	€1.75m	150
2018	45	€3.25m	275
2024	80	€4.70m	400+